# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/367 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

## an 19 Eanáir 2023

## lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Choiste Fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don togra ó Chomhdháil na nUachtarán,

— ag féachaint d'Airteagal 226 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 19 Aibreán 1995 maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa ([1]),

— ag féachaint do Cinneadh (AE) 2022/480 ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2022 maidir le coiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha, agus lena sainítear ábhar an fhiosrúcháin, mar aon le freagrachtaí, líon comhaltaí agus téarma oifige an choiste ([2]),

— ag féachaint do Riail 208(11) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur iarr an Coiste Fiosrúcháin go gcuirfí síneadh lena théarma oifige ionas go mbeidh sé in ann a shainordú a chomhlíonadh go hiomlán agus go cuí;

1. á chinneadh síneadh 3 mhí a chur le téarma oifige an Choiste Fiosrúcháin.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

([1]) IO L 113, 19.5.1995, lch. 1.
([2]) IO L 98, 25.3.2022, lch. 72.